# 13. Cian i bhFeighil an Tí

**A Léigh an scéal.**



Maidin Dé Sathairn a bhí ann. Bhí Mamaí agus Daidí ag dul go dtí an baile mór. D'fhág siad Cian i bhfeighil an tí.

**Daidí** Tabhair aire do na cailíní agus ná déan aon rud amaideach!

**Cian** Daid! Táim cúig bliana déag d'aois! Ná bí buartha.


**Mamaí** Tabhair seans dó. Beidh sé ceart go leor.



Chuaigh Daidí agus Mamaí isteach sa charr. D'fhág siad slán le Cian agus na cailíní.



Nuair a dhún Cian an doras, rith sé suas an staighre. Léim sé isteach sa leaba. Níor dhúisigh sé go dtí a haon déag a chlog.



Síos an staighre leis agus chonaic sé Siobhán agus Róisín sa seomra suí. Bhí an seomra trína chéile. Bhí fearg ar Chian. Thosaigh sé ag tabhairt íde béil do na cailíní.

**Cian** Tá mise i gceannas anseo. Cuir slacht ar an seomra seo.

**Róisín** Ná bí ag tabhairt íde béil dúinn. Tá clár iontach ar an teilifís.

**Cian** Múch an teilifís anois díreach.

**Siobhán** Is maistín mór tú.

**Cian** Faigh an folúsghlantóir, a Shiobhán. Líon an meaisín níocháin, a Róisín.



Chaith Cian an mhaidin go léir ag tabhairt orduithe do na cailíní. Ní dhearna sé mórán oibre é féin ach chuir sé torthaí sa mheaisín meascáin. Rinne sé deoch álainn don triúr acu. Bhí áthas an domhain ar na cailíní.
Ansin thosaigh Cian ag tabhairt orduithe arís.

Cian — A Róisín, cuir slacht ar an gcistin anois.

Róisín — Ní dhearna mise an salachar. Glan tú féin é.

Cian — Ach tá mise i gceannas. Siobhán, déanfaidh mé scrúdú ar an seomra codlata i gceann cúpla nóiméad.

Siobhán — Táimíd bréan de seo.

Cian — Ach tá mise i gceannas.

Siobhán — Réabhlóid!!

Róisín — Raic!!



Rith na cailíní suas an staighre. Rug siad ar na piliúir. Thosaigh siad ag troid le Cian. Tar éis tamaill bhí an seomra codlata trína chéile.





Rith Cian síos an staighre. Rith na cailíní ina dhiaidh ar nós na gaoithe. Ach tubaiste!
Thit Róisín ar an staighre. Thosaigh a srón ag cur fola agus bhí cnapán mór ar a cláréadan.

Siobhán — Róisín bhocht!

Cian — Cuideoidh mé leat. Fan socair.



Díreach ansin chuala siad an doras ag oscailt. Cé a bhí ann ach Mamaí agus Daidí. Bhí fearg an domhain orthu. Thug siad íde béil do Chian. Chaith sé an tráthnóna ag obair sa teach.

## B Cúpla ceist

1. Cé a bhí i bhfeighil an tí?
   ______________________________
2. Conas a chuaigh Daidí agus Mamaí go dtí an baile mór?
   ______________________________
3. Céard a rinne Cian nuair a d'fhág Daidí agus Mamaí?
   ______________________________
4. Cén t-am a dhúisigh sé?
   ______________________________
5. Cad a bhí á dhéanamh ag Siobhán agus Róisín?
   ______________________________
6. Cé a bhí ag tabhairt orduithe?
   ______________________________
7. Cén fáth a raibh áthas ar na cailíní?
   ______________________________
8. An raibh an seomra suí trína chéile?
   ______________________________
9. Cad a tharla nuair a rith na cailíní síos an staighre?
   ______________________________
10. Cé a bhí ag an doras?
   ______________________________


## C Críochnaigh na habairtí.

Ní dhearna　Cuideoidh　Déanfaidh　Chaith　Chuaigh　Níor dhúisigh

1. ______________ Cian go dtí a haon déag a chlog inné.
2. ______________ Rossa ceapaire dó féin sa chistin anocht.
3. ______________ Bócó an tráthnóna ag léamh sa leabharlann.
4. ______________ Aoife ag rith sa pháirc lena cairde.
5. ______________ Rossa an obair bhaile aréir.
6. ______________ Dónal le Daidí sa chistin amárach.
7. Beidh ______________________________.
8. Dhún ______________________________.

## K Críochnaigh an scéal.

### An Folúsghlantóir



Cuideoidh | ar cuairt | a bhí ann | na bréagáin | seomra suí | an ríomhaire | briste | ar fud na háite | in éineacht leis | Tar éis tamaill | an folúsghlantóir | ó bhun go barr | ró-shásta | an bheirt acu | d'fhág | an staighre | ina chodladh | den bhord

An Satharn ___ ______ _____ agus bhí Séimí ag súgradh sa ghairdín. Bhí a chairde ag teacht ___ ______.'Cuir slacht ar do sheomra codlata,' arsa Mamaí. '_______ mé leat,' arsa Rossa. Chuaigh ___ _______ _____ suas an staighre ach thosaigh Rossa ag súgradh ar ___ ________. Thosaigh Séimí ag obair. Bhí Gordó ___ _________ _____. Chuaigh siad isteach sa seomra codlata. Rith Gordó isteach faoin leaba. Chuir Séimí ____ ________ sa bhosca bréagán. Chuir sé na héadaí sa tarraiceán. Ansin phioc Séimí suas na stocaí agus na bróga. _____ _____ _______, bhí an seomra deas néata. Ach tubaiste! Nuair a ______ Séimí an seomra codlata, tharraing Gordó na héadaí amach as an tarraiceán. Chuaigh Séimí síos _____ ______. Fuair sé an folúsghlantóir. Chuaigh sé isteach sa seomra suí. Chuir sé ____ ________ ar siúl agus thosaigh sé ag obair. Bhí an seomra suí go hálainn. Amach an doras le Séimí ach rith Gordó isteach sa ________ _____. Rith sé timpeall agus timpeall. Ach tubaiste! Leag sé vása _____ _______. Bhí an vása _______. Chuir Séimí slacht ar an gcistin. Ach tubaiste! Tháinig Gordó isteach agus thóg sé paicéad brioscaí as an gcófra. Tar éis tamaill, bhí na brioscaí ____ _____ ____ ______. Chuir Séimí an folúsghlantóir faoin staighre. Leis sin, tháinig Mamaí isteach. Dúirt Séimí go raibh an teach glan ___ _______ ____ _____. Chuaigh Mamaí ó sheomra go seomra. Bhí an teach trína chéile! Ní raibh Mamaí ________. Bhí Séimí i dtrioblóid ach bhí Gordó ____ _______ go sámh sa chiseán. Séimí bocht!

## L Nod don eolach!

**suas** **thuas** **anuas**

Chuaigh Séimí suas an staighre.

Tá sé thuas.

Tiocfaidh sé anuas.

## Drámaíocht

Cum dráma beag agus bain úsáid as na frásaí seo:

- Ná bí buartha.
- Cuir slacht ar…
- Réabhlóid!
- Raic!
- Tá mise i gceannas anseo.
- Tabhair seans dó.

**Seanfhocal na Seachtaine:** **Níl aon tinteán mar do thinteán féin.**